



Engaging Content
Engaging People

Applications are invited from suitably qualified candidates for the following position

**Oifigeach Sonraí Gaeilge
profisiúnta 4**

ADAPT

Téarma Seasta suas go dtí an 31 Nollaig 2025

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Ollscoil óg, uaillmhianach, bhríomhar is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (www.dcu.ie) a bhfuil de mhisean aici ‘an saol agus an tsochaí a chlaochlú tríd an oideachas, taighde, nuálaíocht agus rannpháirtíocht’. Is fearr eolas uirthi in Éirinn mar ‘Ollscoil na Fiontraíochta agus an Chlaochlaithe’, agus tá sí tiomanta do chothú na tallainne, mar aon le haimsiú agus aistriú an eolais chun leas na sochaí agus an gheilleagair a chur chun cinn. D’ainmnigh The Sunday Times DCU mar Ollscoil Éireannach na Bliana in 2021.

Tá an Ollscoil lonnaithe ar thrí champas acadúla i gceantar Ghlas Naíon agus Droim Conrach i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath. Tá breis agus 18,000 mac léinn cláraithe sna cúig Dhámh inti – Eolaíocht agus Sláinte, Scoil Ghnó DCU, Ríomhaireacht agus Innealtóireacht, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta, agus Institiúid Oideachais DCU. Tá DCU tiomanta don fheabhas ina cuid gníomhaíochtaí uile. Léirítear sin trí na tionscnaimh thaighde ardscotha, a cur chuige ceannródaíoch um theagasc agus foghlaim, an bhéim a leagtar ar eispéireas claochlaitheach a chruthú dá cuid mac léinn, agus a dea-thionchar sóisialta agus eacnamaíoch. De thairbhe thiomantas sin na foirne acadúla agus na mac léinn, rangáítear DCU i measc an 2% is fearr d’ollscoileanna an domhain. Luaitear go rialta í i measc an 100 Ollscoil Óg ar domhan (sa QS Top 70 Under 50 agus Times Higher Top 150 Under 100 faoi láthair).

Sa Times Higher Education University Impact Rankings, rangáítear DCU san 84ú háit ar domhan – rangú ina meastar an chaoi a gcuireann institiúidí ardoideachais le Cuspóirí na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe. Le deich mbliana anuas, tá DCU ar thús cadhnaíochta i measc ollscoileanna na hÉireann i réimse aistriú na teicneolaíochta, i bhfianaise cheadúnú na maoinne intleachtúla.

Mar chuid den ról seo iarrfar ar an taighdeoir bheith rannpháirteach i gCreat Gairme um Thaighde DCU. Tá an creat seo deartha i dtreo is go gcuirfear raon deiseanna um fhorbairt ghairmiúil ar fáil do thaighdeoirí agus go mbeidh na deiseanna is fearr acu maidir le conair ghairme níos leithne a fhorbairt

Cúlra

Is Ionad é ADAPT ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), atá ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain, ionad barr feabhais na hÉireann do theicneolaíocht an ábhair dhigitigh, a mhaoineítear trí chlár Ionaid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Cuimsíonn ADAPT saineolas as breis agus 300

taighdeoir in ocht nInstitiúid Ardoideachais (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, Ollscoil Mhá Nuad, agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) lena comhpháirtithe tionscail chun nuálaíochtaí ceannródaíochta ábhair dhigitigh a chruthú.

Comhóstáiltear feidhm feidhmiúcháin Ionad ADAPT idir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tugann ADAPT níos mó ná 300 taighdeoir le chéile a bhuaigh níos mó ná EUR 100 m de mhaoiniú le chéile agus a bhfuil cuntas teiste láidre acu maidir le taighde agus nuálaíochtaí ceannródaíochta a aistriú chuig níos mó ná 140 cuideachta. Tá dul chun cinn rathúil á dhéanamh ag comhpháirtithe ADAPT ar theorainneacha na hIntleachta Saorga (IS), anailís ábhair, meaisínáistriúchán, pearsanú, ríomhfhoghlaim agus oideachas, teicneolaíochtaí na meán, réaltacht fhíorúil agus bhreisthe, agus idirghníomhaíocht labhartha, chomh maith le caighdeáin dhomhanda a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí inneachair.

Is mian leis an bhfoireann Teicneolaíochta na Gaeilge (TG) ag ADAPT, Oifigeach Sonraí Gaeilge a earcú ar chonradh ar théarma seasta, chun obair a dhéanamh ar an tionscadal eSTÓR. Díreoidh an ról seo den chuid is mó, ar shonraí dátheangacha a bhailiú toisc go bhfuil gá le méideanna móra sonraí chun caighdeán an aschuir mheaisínáistriúcháin a fheabhsú, do pháirtithe aistriúcháin Gaeilge/Béarla. Chomh maith le sin, i gcás ina gceadaítear ceadúnú sonraí, roinnfear na sonraí sin le heTranslation, seirbhís mheaisínáistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh féin, atá ar fáil saor in aisce do FBManna agus d'Oifigigh Riaracháin Phoiblí laistigh den Aontas.

I dtús báire tugadh an Stáisiún Athsheachadta Náisiúnta na hÉireann (SAN) ar an stór sonraí eSTÓR a bunaíodh i 2019, mar an chéad ardán chun sonraí teanga dátheangacha a roinnt go náisiúnta. Cruthaigh taighdeoirí san Ionad ADAPT é tríd an tionscadal um Bonneagar Acmhainní Teangacha Eorpacha (ELRI) arna maoiniú ag an Aontas Eorpach. Tar éis maoiniúchán a fháil ó rialtas na hÉireann i 2021, rinneadh an SAN a athdhearadh agus a athbhrandáil mar shuíomh gréasáin eSTÓR (<https://estor.ie/>) i 2022. Tá sé fós á úsáid mar eSTÓR ag daoine atá ag obair leis an nGaeilge chun sonraí teanga a uaslódáil chuig áit lárnach amháin, chun teicneolaíocht aistriúcháin a fheabhsú don riarachán poiblí, go náisiúnta agus ar fud na hEorpa, thar aon rud eile. Sa chomhthéacs seo, beidh an tOifigeach Sonraí Gaeilge i bhfeighil ar eSTÓR ó lá go lá agus dul i dteagmháil le sealbhóirí sonraí teanga (is seirbhísigh poiblí iad atá ag obair le Gaeilge sna Ranna Rialtais, Comhairlí Contae, comhlachtaí poiblí srl.) lena chinntiú go n-uaslódáiltear píblíne sonraí teanga Gaeilge/Béarla ar eSTÓR.

Próifíl don Ról

Beidh an t-iarrthóir rathúil ag obair laistigh de ghrúpa do scoláirí, Taighdeoirí Iardhochtúireachta agus Innealtóirí Taighde mar fhoireann TG atá lonnaithe san Ionad ADAPT, i Scoil na Ríomhaireachta in OCBÁC. Is deis iontach é seo dóibh siúd a bhfuil suim agus díograis acu sa teicneolaíocht, sa teangeolaíocht agus na mionteangacha, go háirithe an Ghaeilge. Tá an post oiriúnach go háirithe d'iarrthóirí a bhfuil suim acu i bhfeidhmchláir na hintleachta saorga, na ríomhaireachta agus na heolaíochta sonraí le teangacha.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí

Áirítear dualgais agus freagrachtaí an phoist, gan a bheith teoranta do na nithe seo a leanas:

- Feidhmiú mar chéad phointe teagmhála do shuíomh gréasáin eSTÓR d'fhiosruithe inmheánacha agus seachtracha araon chun réiteach tráthúil ar chúrsaí ábhartha a chinntiú.
- I bhfeighil an tsuímh gréasáin eSTÓR a reáchtáil go héifeachtach ó lá go lá.
- Teagmháil agus dlúthchaidreamh a dhéanamh le sealbhóirí sonraí in Éirinn (trí Ghaeilge más féidir) a chruthaíonn agus a bhainistíonn cáipéisí Gaeilge agus é mar aidhm acu acmhainní teanga ábhartha a aimsiú
- Gníomhaíochtaí for-rochtana a dhearadh agus a chur chun feidhme cosúil le:
 - Seimineáir eolais/ceardlanna faoi eSTÓR
 - Cuairteanna ar an láthair (i gcomhréir le prótacail Covid-19)
 - Cur i láthair ag imeachtaí poiblí nach gá go n-eagródh an fhoireann TG iad
- Ábhar a fhorbairt agus cainéil meán sóisialta eSTÓR a chothabháil
- Taighde a dhéanamh chun nuachtlitreacha leathbhliantáin eSTÓR a scríobh
- Úsáid na huirlise eTranslation a chur chun cinn i measc sealbhóirí sonraí ábhartha in Éirinn
- Cur le tuairiscí agus insolátharthaí de réir mar is gá chun a chinntiú go gcomhlíontar spriodchátaí tionscadail
- Oibriú leis an oifig chumarsáide san Ionad ADAPT chomh maith le comhpháirtithe riaracháin poiblí
- Oibriú go dlúth leis an Innealtóir Taighde chun a chinntiú go ndéantar na sonraí teanga a uaslódáiltear chuig eSTÓR a bhailíochtú, a fhoilsiú agus, i gcás inarb iomchuí, a chomhroinnt le stórtha sonraí teanga atá maoinithe ag an Aontas Eorpach
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe Eorpacha san earnáil phoiblí agus oibriú leo agus iad ag obair i gcomhroinnt sonraí teanga
- Gnáthaimh réamhphróiseála a úsáid chun ailíniú droch-chaighdeán a scagadh i bpéirí doiciméad teanga

Cáilíochtaí agus Taithí

Critéir Riachtanacha:

- Beidh ar a laghad bunchéim sa Teangeolaíocht, san Aistriúchán, sa Léann Teangacha nó i ndisciplín dlúthghaolmhar ag an iarrthóir, a n-éireoidh leis/léi, agus grád II.I ar a laghad ag an iarrthóir sin.
- Sárscileanna cumarsáide, inniúlacht scríofa agus labhartha i mBéarla agus i nGaeilge
- Taithí ar athbhreithniú aistriúcháin agus aistriúcháin Béarla-Gaeilge
- Tuiscint mhaith ar theangeolaíocht agus ar theicneolaíochtaí teanga (agus aistriúcháin)
- Scileanna idirphearsanta láidre a bhfuil taithí chruthaithe acu ar chaidrimh a fhorbairt agus a bhainistiú le baill den earnáil phoiblí.
- Sárscileanna bainistíochta sonraí.
- Sárscileanna eagrúcháin agus TF a bhfuil taithí acu ar ábhar a chruthú do chainéil ghréasáin agus meáin shóisialta.
- An cumas oibriú go héifeachtúil i bhfoireann dháilte a bhfuil raon ról comhlántach i gceist léi

Critéir inmhianaithe:

Chomh maith leis na riachtanais thuas luaite, is inmhianaithe freisin go mbeadh na nithe seo a leanas ag iarrthóirí:

- Céim Mháistreachta sa Teangeolaíocht, san Aistriúchán, sa Léann Teangacha nó i ndisciplín dlúthghaolmhar, le grád II.I. ar a lagh
- Tuiscint mhaith ar theangeolaíocht agus ar mheaisínastriúchán
- Taithí le PTN (Próiseáil Teanga Nádúrtha)
- Eolas ar theanga Eorpach amháin eile ar a laghad
- Taithí ar anailís sonraí
- Taithí ar dhearadh gréasáin

Oiliúint Éigeantach

Ní mór don sealbhóir poist an oiliúint chomhlíonta éigeantach seo a leanas a chur i gcrích: Ionduchtú, Sláinte & Sábháilteacht agus Cosaint Sonraí (GDPR). Féadfaidh gur gá tabhairt faoi oiliúint eile nuair is cuí.

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

I gcomhréir le hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015, tá an Ollscoil tiomanta do chaitheamh go cothrom leo siúd uile a bheidh ag plé lena nósanna imeachta earcaíochta, roghnúcháin agus ceapacháin.

Léiríonn Dámhachtain Chré-Umha Athena SWAN na hOllscoile a tiomantas i leith chur chun cinn an chomhionannais inscne agus réiteach bearnaí pá ar bhonn inscne. Tá eolas ar réimse polasaithe Ollscoile a bhfuil mar aidhm acu timpeallacht oibre thacúil sholúbtha a chothú ar fáil sna [DCU Policy Starter Packs](#)